# Uimhreas: Ionadluach agus bonn a deich – Moltaí don fhoghlaim sa bhaile


## Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi ionadluach agus bonn a deich?

Trí theagmháil a dhéanamh leis an bhfoghlaim seo, tá deiseanna ag páistí tuiscint a fhail ar uimhir a deich mar bhunús le haghaidh ionadluacha agus comhairimh. Is coincheap matamaiticiúil tábhachtach é tuiscint a bheith ann go bhfuil luachanna difriúla ag digití ag brath ar a n-ionad nó suíomh in uimhir, ar féidir le páistí sin a úsáid agus a chur i bhfeidhm i réimsí matamaitice eile. Úsáideann páistí uimhreacha go solúbtha agus go héifeachtúil, nuair a chuirtear deiseanna ar fáil dóibh a gcuid scileanna meastacháin a chleachtadh, chun luachanna uimhreacha agus ríomhanna uimhreacha a chinneadh go tapa. De réir mar a fhorbraíonn páistí a dtuiscint ar choincheapa ionadluacha agus bonn a deich, is féidir leo dul i ngleic le himscrúduithe ar conas is féidir deachúlacha, céatadáin agus codáin a chur i gcomparáid, a chur in ord agus a chur in iúl i dtéarmaí gaolmhara, lena chinntiú gur féidir leo na scileanna seo a úsáid go praiticiúil ina saol laethúil.



### SMAOINTE CHUN TACÚ LEIS AN BHFOGHLAIM


- Spreag do pháiste chun tobmheas a úsáid (an cumas cainníochtaí beaga a aithint go cruinn gan an gá le comhaireamh) sa saol laethúil, m.sh., *cé mhéad áiteanna a shocraigh mé don dinnéar? Cén uimhir a fuair tú nuair a rollaigh tú an dísle?*
- Spreag do pháiste chun meastachán agus slánú a úsáid (an cumas buille faoi thuairim a thabhairt faoi neasmhéid i dtacar níos mó) sa saol laethúil, m.sh., *cé mhéad lusanna an chromchinn atá sa bhláthfhleasc dar leat? An féidir leat sin a sheiceáil? Cén costas a bheidh ar an mbille sa bhialann dar leat? Cén chaoi ar tháinig tú ar an meastachán sin?*
- Bíodh baint ag do pháiste leis an mbord a réiteach don dinnéar m.sh., *plé a dhéanamh ar an líon sceana/forc/spúnóg atá ag teastáil – Cé mhéad forc atá ag teastáil? Cé mhéad níos mó spúnóg ná forc mura mbeidh ach anraith ag Daideo?*
- Bíodh do pháiste páirteach agus an tsiopadóireacht bhia á déanamh. Cuir dúshlán roimh do pháiste seiceáil a dhéanamh ar phointí deachúla ar phraghaslipéid na n-earraí agus a gcuid scileanna slánaithe a úsáid nuair a bhíonn costas iomlán na n-earraí go léir á mheas.
- Cuir dúshlán roimh do pháiste comparáid a dhéanamh idir praghsanna brandaí éagsúla bia, praghsanna díosail/peitril, srl. agus pléigh an tábhacht a bhaineann leis seo agus tú ag lorg luach do chuid airgid.
- Bíodh baint ag do pháiste le comhábhair do bhácáil/chócaireacht a ullmhú, m.sh., *cé mhéad plúir atá uainn agus conas is féidir linn é a thomhas? Cé acu an chainníocht is mó, 750g de shiúcra mín nó 0.5 kg d'im?*
- Téigh ag siúl timpeall do cheantair áitiúil. Cuardaigh uimhreacha aon, dhá, trí, ceithre dhigit agus léadh do pháiste os ard iad. Pléigh gach uimhir agus fiafraigh cé mhéad aonta, deicheanna, céadta nó mílte atá san uimhir. Fiafraigh cad é an uimhir is mó is féidir leat teacht uirthi? Cad é an uimhir is lú is féidir leat teacht uirthi?
- Féach ar uimhreacha i nuachtáin, in irisí nó timpeall na timpeallachta agus faigh an uimhir is mó/uimhir is gaire do 1000/uimhir is gaire do 91.5, srl.





### LEABHAIR

- *One is a Snail, Ten is a Crab: A Counting by Feet Book*, April Pulley Sayre agus Jeff Sayre, 4+ bliana d'aois
- *All the Little Ones and a Half!*, Mary Murphy, 5+ bliana d'aois
- *How Big is a Million*, Anna Milbourne, 6+ bliana d'aois
- *The Grizzly Gazette*, Stuart J. Murphy, 7+ mbliana d'aois
- *Sir Circumference gets Decima's Point*, Cindy Neuschwander, 7+ mbliana d'aois
- *Sir Cumference and All the King's Tens* Cindy Neuschwander, 7+ mbliana d'aois
- *Pythagoras and the Ratios*, Julie Ellis, 9+ mbliana d'aois

**Cuireann do leabharlann áitiúil réimse leathan leabhar agus acmhainní ar fáil saor in aisce a thacaíonn le foghlaim mhatamaiticiúil na bpaistí a fhorbairt*








## CLUICHÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Ag imirt cluichí cártaí, m.sh., *iarr ar do pháiste an oiread uimhreacha agus is féidir a dhéanamh, uimhreacha níos airde ná/níos ísle ná 100, srl. agus cabhraigh le do pháiste na huimhreacha a chur i gcomparáid agus a chur in ord.*
- Cluiche códscaoilteora – Roghnaigh uimhir anaithnid (m.sh., *ó 1 go 100, 1 go 1000*). Iarr ar do pháiste buille faoi thuairim a scríobh síos. Déan códú de réir dathanna ar a f(h)reagra (m.sh., *léiríonn dearg digit mhícheart, léiríonn glas an digit cheart san ionad ceart, léiríonn buí an digit cheart ach san ionad mícheart*). Tabhair spreagadh do do pháiste leanúint ar aghaidh ag déanamh buille faoi thuairim bunaithe ar an eolas nua a fhoghlaimíonn siad gach uair.
- Ionadluach agus bonn a deich a ionchorprú i gcluichí coitianta, m.sh., *agus Snap á imirt, cuir cártaí i ngrúpaí de dheicheanna chun súil a choinneáil go héifeachtúil ar cé atá ag buachan/cailliúint, agus Monopoly á imirt, plé a dhéanamh ar dheich nóta €10 a mhalartú ar nóta €100.*



## AG FOGHLAIM AR LÍNE

- Help My Kid Learn www.helpmykidlearn.ie
- Scoilnet https://www.scoilnet.ie/ga/bunscoil/theme-pages/mathematics/
- Seachtain Mhatamaitice na hÉireann – Zón na dTuismitheoirí www.mathsweek.ie
- Maths Eyes https://haveyougotmathseyes.com/




***Téarmaí úsáideacha le cuardach ar líne:*** *ionadluach, bonn a deich, uimhreas, foghlaim, bunscoil, matamaitic, digití, meastachán, slánú, slánuimhreacha, deachúlacha, céatadáin, coinbhéartú, cluichí, gníomhaíochtaí*

## EALAÍONA AGUS CEARDAÍOCHT

- Ealaín an Dúlra trí lionsa ionadluacha agus bonn a deich - déan iniúchadh ar ealaín sa timpeallacht lasmuigh. Téigh sa tóir ar ábhair nádúrtha agus naisc a dhéanamh le huimhreacha chun ealaín a chruthú, m.sh., *ionadluach a shannadh do mhíreanna éagsúla ón nádúr (bataí a úsáid le spás a roinnt) agus iad seo a úsáid chun puzail a chruthú do pháistí lena réiteach, nó dúshlán a thabhairt do do pháiste puzail a chruthú iad féin; craobhóga a bhailiú agus péint a chur orthu chun priontaí uimhreacha a chruthú ar chanbhás nó éadach a léiríonn coincheapa bhonn a deich (mar shampla 10 ngrúpa de 10 gcraobhóg).*
- Dineasár uimhreach a chruthú ag baint úsáid as ábhair éagsúla agus tabhair ainm uathúil dó, m.sh., *"aondéagasár" le 11 eireaball agus 11 dias ar a dhroim!*
- Seodra a dhearadh agus a chruthú ag baint úsáid as patrúin a bhfuil nasc acu le hionadluach, m.sh., *bain úsáid as 24 coirnín, agus cruthaigh patrún de 10 dearg, 2 gorm, 10 dearg, 2 gorm.*
- Teimpléid inphriontáilte a chuardach de chéad chearnóg, stiallacha de dheicheanna, agus cearnóga aonta agus cruthaigh saothar ealaíne ag baint úsáid astu seo, m.sh., *cruthaigh íomhá de theach ag baint úsáid as 1 chéad, 8 ndeich agus aon amháin.*



## DO CHUID SMAOINTE FÉIN

